



ADVANCED SUBSIDIARY (AS)  
General Certificate of Education  
2010

Uimhir Lárionaid

71

Uimhir larrthóra

## Bitheolaíocht

Aonad Measúnaithe AS 1  
*ag measúnú*  
Modúl 1: Móilíní agus Cealla



[AB111]

### DÉARDAOIN 3 MEITHEAMH, IARNÓIN

AM

1 uair 30 nóiméad.

#### TREOIR D'IARRTHÓIRÍ

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir larrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.

Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.

Freagair gach ceann de na **hocht** gceist.

Tá **Granghraf 1.4** ar fáil le húsáid le Ceist 4 sa pháipéar seo.

Ná scríobh do fhreagraí ar an ghrianghraf seo.

Don Scrúdaitheoir amháin	
Uimhir Ceiste	Marcanna
1	
2	
3	
4	
5	
6	
7	
8	

#### EOLAS D'IARRTHÓIRÍ

Is é 75 an marc iomlán don pháipéar seo.

Tá 60 marc ag dul do Roinn A. Tá 15 mharc ag dul do Roinn B.

Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.

Cuirtear i gcuimhne duit go bhfuil gá le Gaeilge mhaith agus cur i láthair soiléir sna freagraí agat.

Úsáid téarmaíocht eolaíoch sna freagraí uilig.

Ba chóir duit tuairim is **20 nóiméad** a chaitheamh ar Roinn B.

Glahtar leis go bhfreagróidh tú Roinn B i bprós leanúnach.

Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i **Roinn B**, agus beidh 2 mharc ar a mhéad ag dul dó.

Marc Iomlán


## Roinn A

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna	Athmharc

- 1 Fosfailipidí agus próiténí den chuid is mó atá sa chillscannán dromchla.

- (a) Seasann an tsiombail seo thíos do mhóilín fosfailipide.



Sa spás thíos, agus an tsiombail thusas in úsáid agat, tarraing léaráid a thaispeánfaidh cóiriúchán na bhfosfailipidí i gcillscannán dromchla (plasma).

[2]

- (b) Cuir síos ar **dhá** ról atá ag próiténí sa chillscannán dromchla.

1. \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_  
\_\_\_\_\_

[2]


- (c) Ainmnigh comhbhall **amháin** eile atá sa chillscannán dromchla.

\_\_\_\_\_

[1]

- 2 Léiríonn na léaráidí seo thíos cuid de na céimeanna tábhachtacha (lipéadaithe **A** go **D**) le linn timthriall cille miotóiseach i gcill ainmhí.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



- (a) Sainaithin céim **B**.

\_\_\_\_\_ [1]

- (b) Níl na léaráidí san ord ceart. Athchóirigh na litreacha leis na céimeanna a chur san ord ceart.

\_\_\_\_\_ [1]

- (c) Luaigh mír **amháin** fianaise a chuireann in iúl gur cealla ainmhí agus ní cealla planda atá á léiriú ag na léaráidí.

\_\_\_\_\_ [1]

- (d) Luaigh **dhá** mhír fianaise ó na léaráidí a chuireann in iúl gur le linn miotóise agus ní le linn méóise atá na céimeanna ar bun.

1. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_


2. \_\_\_\_\_

\_\_\_\_\_

[2]

- 3 Taispeánann an léaráid thíos na fíocháin atá i láthair i nduilleoig méisifíte.

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



© Biology GCSE Edition by G & M Jones, published by Cambridge University Press, 1987, ISBN 0521338697

Is orgán í an duilleog ag a bhfuil oiriúnuithe le fótaisintéis a uasmhéadú agus trasghalú a íoslaghdú ag an am céanna. Cuir síos ar na hoiriúnuithe seo le

- fótaisintéis a uasmhéadú

---

---

---

---

---

---

---

---

---

[3]

- trasghalú a íoslaghdú

---

---

---

---

---

---

---

---

---

[2]

- 4 Is é atá in **Grianghraf 1.4** micreagraf leictreonach de chuid de chill ae mamach.

(a) Sainaithin na struchtúir atá lipéadaithe **A** go **C**.

**A** \_\_\_\_\_

**B** \_\_\_\_\_

**C** \_\_\_\_\_ [3]

(b) An barra scála ar an ghrianghraf in úsáid, ríomh formhéadú an mhicreagraif leictreonaigh. (Taispeán do chuid oibre.)

Freagra \_\_\_\_\_ [3]

Tá an pholaisiúicríd stórais, glicigin, lipéadaithe ar an mhicreagraf leictreonach.

(c) Seachas cealla ae, cén fíochán mamach eile ina mbeadh stóir ghlicagine suite?

\_\_\_\_\_ [1]

(d) Cuir síos ar **dhá** dhóigh a bhfuil glicigin oriúnaithe dá feidhm mar pholaisiúicríd stórais.

1. \_\_\_\_\_

2. \_\_\_\_\_


\_\_\_\_\_ [2]

(e) Ainmnigh an pholaisiúicríd stórais chomhionann i gcealla planda.

\_\_\_\_\_ [1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- 5 Tá achoimre sa léaráid seo a leanas ar an imoibriú slabhrúil polaimearáise (PCR).



- (a) (i) Mínigh an fheidhm atá leis an sampla DNA a théamh go 94 °C i **gcéim 1**.

---



---



---



---

[2]

- (ii) Luaigh feidhm **amháin** atá leis na priméir a chuirtear isteach i **gcéim 2**.

---



---

[1]

- (iii) Mínigh cad chuige a bhfuaraítear an sampla DNA nuair a bhíonn na priméir á gcur isteach i **gcéim 2**.

---



---

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- (b)** Cuir síos ar struchtúr na núicléitídí a chuirtear isteach i **gcéim 3.**

---



---



---



---


[2]

Scrúdaitheoir Amháin

Marcanna Athmharc

- (c)** Gearrann einsím ion-núicléáis ghearrtha an DNA ina bhloghanna. Aithníonn an einsím ion-núicléáis ghearrtha *EcoR1* seicheamh na mbunanna GAATTTC (ón fhoirceann 5' go dtí an foirceann 3') i móilín DNA agus gearrann sí an DNA idir bun G agus bun A.

- (i)** Taispeáin suíomh na ngearrthacha sa seicheamh bunanna anseo thíos.



[1]

- (ii)** Luagh an cineál foircinn a tháirgtear.

---

[1]

- (d)** Scríobh cuntas gearr ar an dóigh a n-úsáidtear tóireadóir DNA le blogh DNA ar leith a aimsiú.

---



---



---



---



---

[3]

## **LEATHANACH BÁN**

- 6 Le himscrúdú a dhéanamh ar an éifeacht a bhíonn ag teocht ar ghluaiseacht lí trí chillscannáin, ghearr mac léinn sorcóirí beaga ó bhiatas úr. Is taobh istigh de na folúisíní atá an lí antóicainine dhearg i gcealla biatais. Tá scannán tónaplast thart timpeall ar gach folúisín agus taobh amuigh den scannán seo tónaplast tá cillscannán dromchla (plasma) thart timpeall ar an chíteasplasma.

I ndiaidh dó sé shorcóir biatais a ghearradh agus a shruthlú, chuir an mac léinn gach sorcóir beag i bpromhadán a raibh uisce ann. Bhí gach ceann de na sé phromhadán á choinneáil ag teocht ar leith. D'fhág an mac léinn gach sorcóir ar feadh nóiméad amháin agus shil cuid den lí amach le linn an ama seo.

I ndiaidh dó iad a fhuarú, chuir an mac léinn samplaí ó gach promhadán i ndaibhchíni agus d'úsáid sé dathmhéadar leis an chéadatán de sholas a tarchuireadh trí gach sampla a thomhas.

- (a) (i) Scagaire gorm a d'úsáid an mac léinn sa dathmhéadar. Mínigh cad chuige.

---



---



---

[2]

- (ii) Agus dathmhéadar in úsáid, luaigh réamhchúram **amháin** a chaithfear a chur san áireamh lena chinntiú go bhfaighfear léamh beacht ar an mhéadar.

---



---

[1]

- (iii) Mínigh go beacht cad é mar a úsáidtear an dathmhéadar leis an mhéid den lí dhearg i ngach sampla a thomhas.

---



---



---

[2]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Tá torthaí an imscrúdaithe sa tábla seo thíos.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Teocht/°C	Tarchur céatadánach/%
40	90
50	90
55	80
58	25
60	20
70	15

- (b) Úsáid teicníc chuí għrafach leis an torthaí thuas a bhreacadh.  
(Úsáid an grafpháipéar ar an leathanach thall.) [5]

- (c) (i) Sainaithin na treochtaí atá le tabhaint faoi deara sna torthaí.

---

---

---

---

[2]

- (ii) Tabhair míniú ar gach ceann de na treochtaí a shainaithin tú i (i) thuas.


---

---

---

---

[2]



- 7 D'úsáid mac léinn modh plasmalú tosaigh le poitéinseal tuaslagáite ( $\psi_s$ ) fíocháin duilleog a fháil. Thum an mac léinn fíocháin ó dhá phlanda i strait de thuaslagáin siúcróis dar tiúchain dhifriúla. Bhreathnaigh sé samplaí de na fíocháin le micreascóp, chuntais sé líon iomlán na gceall agus thaifead sé líon na gceall plasmalaithe do gach sampla.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

Duilleoga ó bhleib oinniúin agus duilleoga ón duileasc abhann, *Elodea*, a roghnaigh an mac léinn don dá fhíochán duilleoige. Tá na cealla i nduilleog oinniúin modhnaithe le siúcraí a stórail. Is gnáthphlanda uisceach fionnuisce é *Elodea* atá coitianta i gcuid mhór lochán agus lochanna.

Thuar an mac léinn gur lú poitéinseal tuaslagáite na gceall oinniúin ná poitéinseal tuaslagáite na gceall *Elodea*.

- (a) (i) Mura bhfuil ruaim ar na cealla oinniúin, bíonn sé doiligh iad a fheiceáil le micreascóp gan an solas a laghdú. Cuir síos ar dhóigh **amháin** leis an solas a théann tríd an fhíochán oinniúin a laghdú.

---



---

[1]

- (ii) Cuir síos ar an dóigh a n-aithneofá cill phlasmalaithe oinniúin le micreascóp.

---



---

[1]

- (b) Sainaithníodh cealla *Elodea* trí chlóraplaist ag teacht le chéile ina dtom i lár na cille. Mínigh cad chuige ar tháinig na clóraplaist le chéile ina dtom i lár cill plasmalaithe.

---




---

[1]

Léirigh an mac léinn torthaí an turgnaimh sa ghraf seo thíos.

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



- (c) (i) Úsáid an graf leis an phoiténseal tuaslagáite a fháil do na cealla oinniúin agus do na cealla *Elodea*.

Cealla oinniúin \_\_\_\_\_ kPa

Cealla *Elodea* \_\_\_\_\_ kPa

[2]

- (ii) Mínigh bunús an mhodha a bhí in úsáid ag an mac léinn le poiténseal tuaslagáite na bhfíochán a fháil.

---



---



---

[2]

- (iii) Luagh fáth **ámháin** leis an difríocht sa dá phoiténseal tuaslagáite a fuarthas in (i) thuas.

---



---



---

[2]

- (d) Mínigh cad chuige nach mairfeadh an duileasc abhann, *Elodea*, in uisce farraige a bhfuil tiúchan ard salainn ann.

---

---

[1]

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

## Roinn B

Beidh dhá mharc ar a mhéad ag dul do chaighdeán na cumarsáide scríofa sa roinn seo.


[2]

8 Tá einsímí íogair i leith roinnt tosca. Léiríonn na 3 ghráf sa cheist seo an tionchar atá ag 3 athróg neamhspleácha ar ghníomhaíocht einsíme.

I gcás gach ceann de na 3 ghráf

- sainaithin an athróg neamhspleách
- cuir síos ar threochtaí atá le tabhairt faoi deara sa ghráf
- mínígh na treochtaí ar chuir tú síos orthu

[13]



---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---


---

---

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc

- sainaithin an athróg neamhspleáach
- cuir síos ar threochtaí atá le tabhairt faoi deara sa ghraf
- mínigh na treochtaí ar chuir tú síos orthu

Scrúdaitheoir Amháin	
Marcanna	Athmharc



---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---


---

---

---

- sainaithin an athróg neamhspleáach
- cuir síos ar threochtaí atá le tabhairt faoi deara sa ghráf
- mínigh na treochtaí ar chuir tú síos orthu

Scrúdaitheoir Amháin	Marcanna	Athmharc



---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

---

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

---





Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.  
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh  
sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.


**Bitheolaíocht TGO Ard-Fhotheastas (AS)**

**Aonad Measúnaithe AS 1**

**Modúl 1: Bitheolaíocht na gCeall**

**Samhradh 2010**

**Grianghraif 1.4**  
**(Le húsáid le Ceist 4)**



2 μm

glicigin

C

© George McCartney

5456.06



AB111INS1